An Phaidir Gheal.

“Go mbeannuigh Dia Dhuit a phaidir gheal”

“Go mbeannuigh Dia agus Muire duit”.”

“Cé’r chodail tú aréir” Ar neamha na néal

“Cé gcodlochaidh tú anocht” “Mar chodhluigheas na boicht.

“Cé gcodlóchaidh tú mbáireach” “Mar chodhluigheas Dia is Páraic”

“Cér’d sin romhat” “Céud easpal.”

“Cér’d sin do dhiadh” “Céud aingeal”

“Cér’d sin ar do ghualainn Cle” “Corp Chríost”

“Cér’d sin ar do ghualainn dheas” “Naoi mbraon dhe uisge an Domhnaigh chuir Muire liomsa deanamh eoluis, ó tigh Pháiris go dtí tigh Pháraic agus ó thigh Pháraic go dtí an teach geal udan thall, bhfuil a choineal gheal ina lar. Tá Muire agus a mac ann.

Tá Brighid agus a brat ann.

Tá Micheál agus a sgith ann agus dá láimh gheala Dia i gcorunibh an anama an lá deirneach.

29/11/31.